

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE
A ceapadh le Mobatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an

CHLÁIR
ATHSTIÚRTHA

2008



Prn: A10/0090

Tá cóipeanna den tuarascáil seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda www.garda.ie, agus ar láithreán gréasáin Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig www.iyjs.ie

Clár

Réamhrá ón gCoimisinéir Cúnta Lughdaigh Ó hEarcháin	2
Achoimre Feidhmiúcháin	3
Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha an Choiste	4
An Clár Athstíúrtha	5
Líon na n-atreoruithe chuig an gClár Athstíúrtha	6
Líon na bpáistí a atreoraíodh chuig an gClár Athstíúrtha	8
Líon na bpáistí a atreoraíodh de réir inscne, réigiúin agys roinne	10
Rabhaidh Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta	12
Rabhaidh agus Comhdhálacha Airíocha an Gharda	13
Páistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cur san áireamh sa chlár	14
Cineálacha na gcionta ar atreoraíodh páistí ar a son	15
Próifíl aoise na bpáistí a atreoraíodh	22
Oiliúint agus Forbairt	23
Breathnú agus Moltaí	24
Aguisín	
Struchtúr Achmhainní Daonna	25

RÉAMHRÁ



A Choimisinéir, a chara,

Cúis áthais domsa ia ea Tuarascáil Bliantúil an Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha 2008 a chur i do láthair mar atá leagtha amach i gCuid 4 d'Acht na Leanaí 2001


Ba é 27, 422 líon iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i 2007, laghdú de 431 nó 1.5% ar 2007. Ba í 21,412 líon iomlán na bpaistí aonair a atreoraíodh chuig an gclár ar laghdú de 529 nó 2.4% a bhí ann ar iomlán 2007.

Ciallaíonn achtú Codanna 125 agus 129 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 i Márta 2007 nach atreoraítear leanaí atá faoi bhun na haoise 10chuig an gClár Athstiúrtha a thuilleadh. Seachas an méid seo, ba bheag athrú a bhí ar phróifíl aoise na bpaistí a atreoraíodh leis an aoisghrúpa 16 bliana agus 17 mbliana ag déanamh suas 24% agus 35% de na hathreoruithe faoi seach.

Ba iad cionta a bhain le halcól (19.8%), gadaíocht (15.0%) agus cionta tráchta bóthair (15.0%) na trí phríomhchagóir cionta ar atreoraíodh páistí ar a son.

Tá clár ceartais aisíriche an Gharda ag fabhrú síoraí seasta agus d'éascaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 422 imeacht de cheartas aisírioch, méadú 12% ar fhigiúr 2007.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gcoiste as ucht a gcuid oibre i gcaitheamh na bliana, le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha agus le foireann na hOifige Náisiúnta d'Ógchiontóirí agus le hOifigigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as a dtiomantas agus a gcuid oibre.



_____ Cathaoirleach

Lughdaigh Ó hEarcháin, An Coimisinéir Cúnta

Achoimre Feidhmiúcháin

- Ba é 27,422 líon iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i 2008.
- Ba é 21, 412 líon iomlán na bpáistí aonair a atreoraíodh chuig an gclár
- Ba é 15,754 (74%) de pháistí a ligeadh isteach ar an gClár Athstiúrtha.
- Pléadh le cás 11,796 páiste (55%) trí bhithín radhadh neamhfhoirmeálta.
- Pléadh le cás 3,958 páiste (18%) trí bhithín rabhadh foirmeálta.
- Cinneadh ar feitheamh a bhí ina gcás ag 575 (3%) de pháistí.
- Níor ghá aon bheart eile i gcás 1,666 (8%) de pháistí.
- Measadh go raibh 3,417 (16%) de pháistí neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár.
- Ní raibh aon athrú suntasach sna cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son chuig an gclár.
- Ba iad cionta a bhain le halcól (19.8%), cionta tráchta bóthair (15%) agus gadaíocht (15%) na trí phríomhchatagóir cionta ar atreoraíodh páistí ar a son.
- Bhí 2,147 atreorú ón gCóras Píonóis Muirear Seasta.
- Tá clár ceartais aisiríche an Gharda ag fabhrú i gcónaí agus d'éascaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 422 teagmhas ceartais aisiríche , méadú de 44 chás ar 2007.
- Cruthaíodh seacht bpost nua d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige i 2008.
- Bhí 101 Oifigeach Garda Idirchaidrimh don Óige agus 8 Oifigeach Sáirsint Idirchaidrimh don Óige ag obair ar an gclár.

Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha an Choiste

I Mí na Blealtaine 2002 síníodh Ordú Aireachta a thug Cuid 4 d’Acht na Leanaí 2001 i bhfeidhm. Baineann an chuid seo den Acht leis an gClár Athstiúrtha amháin. I mí an Mheithimh 2003 ceapadh Coiste de réir Alt 44 den Acht chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtach an chlár.

Is iad téarmaí tagartha an Choiste ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha
- gach gné dá oibriú a athbhreithniú
- monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha oiliúna na n-éascóirí
- tuarascáil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána gach bliain ar a ghníomhaíochtaí in imeacht na bliana

I gcoitinne, tuigeann an coiste gurb iad a phríomhthascanna ná:

- bainistiú agus seachadadh éifeachtach an Chláir Athstiúrtha a scrúdú
- na cleachtais is fearr aithint i riaradh an chlár
- na cleachtais is fearr d’oiliúint éascóirí a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na hoiliúna
- modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm le críochnúlacht an chlár a mheas agus a thomhas
- comhairle a thabhairt maidir le haon cheisteanna ábhartha
- tuarascáil bhliantiúil a ullmhú

Ballraíocht

Is iad baill reatha an Choiste ná:

- An Coimisinéir Cúnta Lughdaigh Ó hEarcháin, Cathaoirleach
- An tArd-Cheannfort John O’ Driscoll
- Phil Hanna, Uasal
- An tUasal Tim Dalton
- An Cigire Finbarr Murphy (Rúnaí)

Tar éis tabhairt isteach Chuid 4 d'Acht na Leanaí 2001, cuireadh deireadh le Scéim an Oifigigh Idirchaidrimh don Óige agus ina ceapadh an Clár Athstiúrtha, rud a bhféadfaí cur síos a dhéanamh air mar phacáiste beart chun déileáil le páistí faoin aois 18 a dhéanann cion nó cionta. Choimeád an Clár Athstiúrtha go leor de na modhanna trialta agus tástáilte chun déileáil le paistí a dhéanann cionta, agus tugadh roinnt roghanna nua isteach. Tá an Clár á bhainistiú ag Ceannfort Garda atá ceaptha ag an gCoimisinéir agus Stiúrthóir an Chláir a thugtar air (Alt 20)

Caithfidh an Stiúrthóir gach cás a bhreathnú agus cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht nó a mhalairt gach páiste le cuimsiú sa Chlár.

D'fhonn áit a fháil ar an gclár ní mór do pháiste:

- a bheith os cionn aois na freagrachta coiriúla agus faoi 18 mbliana dois
- freagracht a ghlacadh as an gcion/na cionta a rinneadh
- toiliú do rabhadh agus do mhaoirsiú.

Má mheastar go bhfuil an páiste oiriúnach le ligean isteach sa chlár, tugtar rabhadh foirmeálta/neamhfoirmeálta di/dó. In imthosca áirithe, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'íospartach an chiona a bheith i láthair nuair as thugtar an rabhadh dó nó d'fhéadfadh OIÓ comhdháil teaghlaigh a mholadh maidir leis an bpáiste.

Cuirtear páiste a fhaigheann rabhadh foirmeálta faoi mhaoirsiú an Gharda go ceann tréimhse 12 mhí. Féadann an Stiúrthóir an tréimhse mhaoirseachta seo a éagsúlú in imthosca áirithe. Garda nach isle céime ná Cigire nó OIÓ a fuair oiliúint idirghabhála is ea a thabharfaidh an rabhadh. Tugann OIÓ rabhadh neamhfoirmeáilte agus ní chuirtear an leanbh faoi mhaoirsiú de ghnáth. I gcleachtadh, próisis fhoirmeálta is ea an dá rabhadh a bhfuil tréimhse maoirseachta ag gabháil le ceann acu agus a bhfuil an ceann eile acu gan maoirseacht.

Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha


Ba é 27,422 líon iomlán na n-athtreoruithe i 2008. Laghdú de 431 (1.57%) ab ea é sin ar fhigiúr de 27,853 atreorú a fuarthas i 2007.

Tábla 1: 2008 Atreoruithe de réir Réigiúin agus Roinne

	IOMLÁN	NEAMH OIRIÚNAC H	FOIR- MEÁLTA	NEAMH FHOIR- MEÁLTA	GAN AON BHEART EILE	AR FEI- THEAMH
RÉIGIÚN AN OIRTHIR						
CEATHARLACH/CILL DARA	1067	239	155	611	52	10
LAOIS/ÚIBH FHAILÍ	905	157	190	490	40	28
AN MHÍ	626	141	155	272	45	13
AN IARMHÍ	404	68	91	209	20	16
CILL MHANTÁIN	675	125	135	357	38	20
EASTERN REGION TOTAL	3677	730	726	1939	195	87
RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC						
THOIR	860	170	173	431	66	20
LÁR THUaidH	799	400	76	255	43	25
THUaidH	2490	745	371	1054	140	180
LÁR THEAS	492	170	76	192	33	21
THEAS	1936	660	227	872	144	33
THIAR	2399	725	470	955	201	48
IOMLÁN RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC	8976	2870	1393	3759	627	327
RÉIGIÚN AN TUaiscIRT						
AN CABHÁN /MUINEACHÁN	630	115	128	341	37	9
DÚN NA NGALL	987	154	250	482	62	39
SLIGEACH/LIATROM	659	153	126	329	42	9
LÚ	480	83	82	270	37	8
IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUaiscIRT	2756	505	586	1422	178	65
RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT						
TIOBRÁID ÁRANN	718	144	159	370	26	19
PORT LAIRGE/CILL CHAIN- NIGH	1386	317	261	688	87	33
LOCH GARMAN	604	67	143	331	51	12
IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEIS- CIRT	2708	528	563	1389	164	64
RÉIGIÚN AN DEISCIRT						
CATHAIR CHORCAÍ	1971	654	282	879	142	14
CORCAIGH THUaidH	1017	230	199	532	52	4
CORCAIGH THIAR	685	113	147	381	39	5
CIARRAÍ	804	138	136	413	51	66
LUIMNEACH	1680	648	487	492	41	12
IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT	6157	1783	1251	2697	325	101
RÉIGIÚN AN IARThAIR						
AN CLÁR	616	107	130	318	32	29
GAILLIMH	1266	239	283	633	78	33
MAIGH EO	686	154	84	418	22	8
ROS COMÁIN / AN LONG- FORT	477	85	87	255	33	17
IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARThAIR	3045	585	584	1624	165	87
LASMUGH DEN DLÍNSE	103	15	5	54	28	1
IOMLÁN	27422	7016	5108	12884	1682	732

Fíor 1

Líon na gcásanna a atreoraíodh 2004 – 2008



Fíor 2

Cinntí cáis mar chéatadáin d'iomlán na n-atreoruithe 2006 – 2008



Páistí a Atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha


Ba é 21, 412 líon na bpáistí a atreoraíodh i 2008. Laghdú de 529 (2.41%) ab ea é sin ar iomlán 2007 de 21,941.

Tábla 2: Líon na bpáistí a atreoraíodh de réir réigiúin agus roinne i 2008

	IOMLÁN	ION- CHÚISITHE	FOIR- MEALTA	NEAMH FHOIR- MEALTA	GAN AON BHEAR T EILE	AR FEI- THEAMH
RÉIGIÚN AN OIRTHIR						
CEATHARLACH/CILL DARA	911	147	131	571	53	9
LAOIS/UÍBH FHAILLÍ	729	79	144	441	39	26
AN MHÍ	494	83	102	253	44	12
AN IARMHÍ	318	43	53	191	21	10
CILL MHANTÁIN	572	72	110	331	39	20
EASTERN REGION TOTAL	3024	424	540	1787	196	77
RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC						
THOIR	742	98	145	417	62	20
LÁR THUaidH	541	192	61	225	41	22
THUaidH	1855	304	323	962	138	128
LÁR THEAS	385	91	65	180	32	17
THEAS	1496	364	185	785	136	26
THIAR	1934	414	392	902	187	39
IOMLÁN RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC	6953	1463	1171	3471	596	252
RÉIGIÚN AN TUAISCIRT						
AN CABHÁN /MUINEACHÁN	500	49	99	306	37	9
DÚN NA NGALL	814	79	205	447	62	21
SLIGEACH/LIATROM	540	85	105	302	39	9
LÚ	388	36	70	235	39	8
IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIRT	2242	249	479	1290	177	47
RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT						
TIOBRÁID ÁRANN	581	84	122	333	26	16
PORT LAIRGE/CILL CHAINNIGH	1083	146	199	624	89	25
LOCH GARMAN	485	32	96	297	49	11
IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT	2149	262	417	1254	164	52
RÉIGIÚN AN DEISCIRT						
CATHAIR CHORCAÍ	1473	298	206	807	148	14
CORCAIGH THUaidH	773	103	135	479	53	3
CORCAIGH THIAR	530	48	100	334	43	5
CIARRAÍ	619	54	103	371	49	42
LUIMNEACH	1109	235	369	450	43	12
IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT	4504	738	913	2441	336	76
RÉIGIÚN AN IARTHAIR						
AN CLÁR	472	54	84	279	34	21
GAILLIMH	1017	99	215	597	76	30
MAIGH EO	552	64	66	389	25	8
ROS COMÁIN / AN LONGFORT	399	51	68	235	34	11
IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR	2440	268	433	1500	169	70
LASMUIGH DEN DLÍNSE	100	13	5	53	28	1
Iomlán	21412	3417	3958	11796	1666	575


Fíor 3

Líon na bpáistí a atreoraíodh 2004 – 2008



Fíor 4

Cinntí cáis mar chéatadán de líon foriomlán na bpáistí a atreoraíodh



Páistí a Atreoraíodh i 2008 de réir Inscne, Réigiúin & Roinne

Tábla 3: Inscne na bpáistí a atreoraíodh de réir Réigiúin agus Roinne


	IOMLÁN	ION-CHÚISITHE		FOIRMÁLTA		NEAMH FHOIR-MEÁLTA		GAN AON BHEART EILE		AR FEITHEAMH	
		Fire-ann	Baineann	F	B	F	B	F	B	F	B
RÉIGIÚN AN OIRTHIR											
CEATHARLACH/CILL DARA	911	134	13	112	19	448	123	43	10	7	2
LAOIS/ÚIBH FHAILÍ	729	70	9	133	11	356	85	34	5	23	3
AN MHÍ	494	72	11	89	13	181	72	31	13	7	5
AN IARMHÍ	318	29	14	40	13	145	46	13	8	10	0
CILL MHANTÁIN	572	65	7	93	17	245	86	35	4	18	2
EASTERN REGION TOTAL	3024	370	54	467	73	1375	412	156	40	65	12
RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC											
THOIR	742	87	11	125	20	318	99	44	18	16	4
LÁR THUaidh	541	164	28	45	16	171	54	26	15	20	2
THUaidh	1855	258	46	284	39	747	215	106	32	113	15
LÁR THEAS	385	80	11	54	11	141	39	22	10	12	5
THEAS	1496	300	64	161	24	643	142	100	36	22	4
THIAR	1934	367	47	344	48	691	211	133	54	32	7
IOMLÁN RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC	6953	1256	207	1013	158	2711	760	431	165	215	37
RÉIGIÚN AN TUAISCI RT											
AN CABHÁN /MUINEACHÁN	500	40	9	94	5	241	65	27	10	7	2
DÚN NA NGALL	814	70	9	190	15	377	70	44	18	19	2
SLIGEACH/LIATROM	540	81	4	99	6	242	60	31	8	9	0
LÚ	388	32	4	55	15	170	65	35	4	6	2
IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAIS-CIRT	2242	223	26	438	41	1030	260	137	40	41	6
RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT											
TIOBRÁID ÁRANN	581	74	10	108	14	261	72	23	3	12	4
PORT LAIRGE/CILL CHAIN-NIGH	1083	117	29	164	35	454	170	69	20	22	3
LOCH GÁRMAN	485	32	0	81	15	230	67	40	9	10	1
IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT	2149	223	39	353	64	945	309	132	32	44	8
RÉIGIÚN AN DEISCIRT											
CATHAIR CHORCAÍ	1473	268	30	175	31	584	223	101	47	11	3
CORCAIGH THUaidh	773	92	11	119	16	356	123	40	13	3	0
CORCAIGH THIAR	530	46	2	90	10	266	68	37	6	5	0
CIARRAÍ	619	45	9	89	14	295	76	39	10	38	4
LUIMNEACH	1109	203	32	307	62	329	121	31	12	9	3
IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT	4504	654	84	780	133	1830	611	248	88	66	10
RÉIGIÚN AN IARTHAIR											
AN CLÁR	472	46	8	64	20	215	64	24	10	11	10
GAILLIMH	1017	91	8	186	29	446	151	56	20	26	4
MAIGH EO	552	56	8	58	8	276	113	19	6	4	4
ROS COMÁIN / AN LONG-FORT	399	48	3	56	12	190	45	30	4	9	2
IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR	2440	241	27	364	69	1127	373	129	40	50	20
LASMUIGH DEN DLÍNSE	100	12	1	4	1	45	8	19	9	1	0
IOMLÁN	21412	2979	438	3419	539	9063	2733	1252	414	482	93

Rabhaidh Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta

Mar a léitítear i dTábla 2, ba é 15, 754 líon iomán na bpáistí a fuair radhadh cibé go foirmeálta nó go neamhfhoirmeálta sa bhliain 2008. B'ionann sin agus 73.58% de líon iomlán na bpáistí a atreoraíodh. Fuair 11,796 (55.09%) de pháistí rabhadh neamhfhoirmeálta agus fuair 3,958 (18.48%) de pháistí rabhadh foirmeálta. Tá na figiúir seo inlurtha le 56.9% agus 19.45% faoi seach le haghaidh 2007.


Fíor 5

Líon na bpáistí a fuair rabhadh 2004 – 2008



Fíor 6

Céatadán na bpáistí a measadh a bhí oiriúnach le cuimsiú 2004 – 2008



Rabhaidh agus Comhdhálacha Aisiríche an Gharda

Foráltar le haghaidh íospartach a bheith i láthair ag rabhadh foirmeálta nó ag comhdháil teaghlaigh in Acht na Leanáí 2001 (ailt 26 agus 29 faoi seach) agus is anseo a thugtar isteach coincheap an cheartais aisiríche.

Is é 'Ceartas aisiríoch' an téarma a úsáidtear chun cur síos ar an bpróiseas faoina dtugtar deis d'íospartach an chionta casadh ar an gciontóir nó a t(h)uairimí a chur i láthair an chiontóra. Tá súil go dtuigfidh an ciontóir nár chion in aghaidh an dlí amháin atá déanta ach cion in aghaidh duine nó in aghaidh pobail. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann ceartas aisiríoch le rabhadh foirmeálta de réir ailt 26 agus 29 den Acht.

Le cois ceangal a dhéanamh idir an dochar agus duine, tugtar dúshlán an iompair agus tugtar deis don gciontóir ní hamháin leithscéal a dhéanamh ach beart éigin a dhéanamh chun an dochar a leigheas. Féadfaidh an gníomh 'aisiríche' seo a bheith i bhfoirm earraí goidte a chur ar ais, caillteanas a chúiteamh, dochar a dheisiú nó coinníollacha a aontú d'iompar na todhchaí atá ceaptha chun an t-íospartach a chur ar a s(h)uaimhneas nach dtarlóidh a leithéid in athuair.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach freastal ar rabhadh foirmeálta do pháiste rabhadh aisiríoch is ea a thugtar air. In imthosca áirithe d'fhéadfadh sé gurbh fhearr le híospartaigh a dtuairimí a chur in iúl i litir, nó ar fhístéip nó go gcuirfeadh cara, tacóir nó duine eile a dtuairimí in iúl.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach a bheith i láthair ag comhdháil teaghlaigh I dtaca le páiste, comhdháil aisiríoch is ea a thugtar air. Is ionann an chomhdháil aisiríoch agus an rabhadh aisiríoch ar go leor bealaí. Tugtar guth don íospartach agus cuirtear dreach daonna ar an iompraíocht easónórach. Ní hionann iad sa mhéid is go ndéantar iarracht níos mó sa chomhdháil raon saineolais níos leithne a úsáid le dúshlán iompraíocht an pháiste a thabhairt agus le tacú le haon athrú a thitfeadh amach mar thoradh ar an gcomhdháil.

Cuir i gcás, d'fhéadfadh ní hamháin an t-íospartach agus an lucht tacaíochta an íospartaigh a bheith i láthair ag an gcomhdháil ach freisin múinteoir scoile, oibrí sóisialta, mórtheaghlach an pháiste, nó aon duine eile a d'fhéadfadh tionchar chun na maitheasa a imirt ar a (h)iompraíocht feasta.

Tugtar imeachtaí aisiríoch ar rabhadh aisiríocha agus comhdhálacha aisiríocha i bhfochair a chéile. Tionóladh 422 imeacht aisiríoch san iomlán i 2008 arb ionann é agus méadú de 44 ar iomlán 2007 de 378. Bhí na hócáidí 422 sin comhdhéanta de 417 rabhadh aisiríocha agus 4 comhdháil aisiríocha. Léiriú is ea an méadú seo go bhfuil prionsabail an cheartais aisiríche á gcur i bhfeidhm níos minice ag Oifigigh Idirchaidrimh don Óige mar bhealach chun cásanna a atreoraítear chuig an gClár Athstíúrtha a phróiseáil. Taispeánann Tábla 4 líon na dteagmhas ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn rannach.

Ar na cineálacha cionta a dtionóladh ócáidí aisiríocha, bhí cionta um thrácht ar bhóithre, sárúithe ar ord poiblí, ionsaithe, robáil, gadaíocht agus damaiste coiriúil.

Tá an Coiste sásta go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le forbairt an cheartais aisiríche de réir Chuid 4 den Acht.

Imeachtaí Ceartais Aisiríche 2008 de réir Réigiúin agus Roinne

Tábla 4

	2005	2006	2007	2008
RÉIGIÚN AN OIRTHIR				
CEATHARLACH/CILL DARA	7	11	8	17
LAOIS / ÚÍBH FHAILÍ	6	8	10	14
AN LONGFORT / AN IARMHÍ	6	4	7	-
LÚ/AN MHÍ ¹	10	14	14	-
MÍ ²	-	-	-	7
AN IARMHÍ ²	-	-	-	11
CILL MHANTAIN ²	-	-	-	5
RÉIGIÚN AN OIRTHIR INA IOMLÁINE	29	37	39	54
RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC				
THOIR	26	33	34	24
LÁR THUAIDH	6	4	8	15
THUAIDH	12	12	52	46
LÁR THEAS	9	11	12	11
THEAS	21	17	18	18
THIAR	24	23	16	28
RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC	98	100	140	142
RÉIGIÚN AN TUAISCIRT				
AN CABHÁN/ MUINEACHÁN	1	6	9	21
DÚN NA NGALL	6	3	6	4
SLIGEACH / LIATROM ¹	4	0	3	5
LÚ ²	-	-	-	9
RÉIGIÚN AN TUAISCIRT INA IOMLÁINE	11	9	18	39
TIOBRAID ÁRANN	3	4	3	14
PORT LAIRGE / CILL CHAINNIGH	14	10	18	22
LOCH GARMAN / CILL MHANTAIN ¹	6	8	16	-
LOCH GARMAN ²	-	-	-	12
TRÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT INA IOMLÁINE	23	22	37	48
RÉIGIÚN AN DEISCIRT				
CATHAIR CHORCAÍ	20	39	47	35
CORCAIGH THUAIDH	13	12	17	19
CORCAIGH THIAR	29	42	26	19
CIARRAÍ	4	8	6	1
LUIMNEACH	13	11	9	9
RÉIGIÚN AN DEISCEART INA IOMLÁINE	79	112	105	83
RÉIGIÚN AN IARTHAIR				
AN CLÁR	0	1	-	2
GAILLIMH THIAR	5	4	12	27
MAIGH EO	8	10	10	3
ROS COMÁIN/ GAILLIMH THOIR ¹	9	12	17	-
ROS COMÁIN / AN LONGFORT ²	-	-	-	24
RÉIGIÚN AN IARTHAIR INA IOMLÁINE	22	27	39	56
IOMLÁIN	262	307	378	422

¹ Ranna nach bhfuil i bhfeidhm níos mó de bharr ateorannaithe i 2008

² Ranna nua a cruthaíodh i rith ateorannaithe i 2008

Páistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár

Measadh go raibh 3,417 páiste nach raibh oiriúnach le cuimsiú sa Chlár Athstiúrtha.


Tuairiscítear cás mar neamhoiriúnach más amhlaidh;

- Nach nglacann an páiste freagracht as an iompair
- Nach mbeadh sé chun leas na sochaí rabhadh a thabhairt don pháiste
- Go bhfuil an páiste ag déanamh cionta an t-am ar fad

Cuirtear na hábhair seo ar ais chuig bainistíocht áitiúil an Gharda a dhéanann cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, más cuí, an dtionófar ionchúiseamh.


Fíor 7

Líon na bpáistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú 2004 – 2008



Fíor 8

Céatadán na bpáistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú 2004 – 2008




Na cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son

Ní raibh aon athrú suntasach sna cineálacha cionta ar atreoraíodh paistí ar a son don chlár. Is iad cionta a bhaineann le halcól 19.8%, cionta tráchta bóthair 15% agus gadaíocht 15% na trí chion is coitianta. Níor tháinig aon athrú suntasach ar an leibhéal ciontaíthe i ngach ceann de na trí chatagóir seo i gcomparáid le figiúirí 2007.

Fíor 9

Na príomhchionta ar atreoraíodh ógchiontóirí ina leith 2008



Tá an 15% 'eile' sa phíchairt thuas comhdhéanta d'iomlán na gcionta eile ar fad, nárbh ionann aon cheann díobh agus breis is 5% den bhforiomlán. Tá an cineál cionta agus an céatadán le fáil i dTábla 5

Taispeánann an dá thábla seo a leanas an catagóir ciona ar atreoraíodh páistí ina leith. Taispeánann Tábla 5 na príomhchatagóirí ciona agus tugann Tábla 6 miondealú eile i gcás catagóirí roghnaithe.

Tábla 5

	Líon	Céatadán
Gadaíocht	4,110	15.0%
Cionta a bhain le calaois (féach miondhealú 5)	200	0.7%
Sealbhú ar earraí le hintinn	61	0.2%
Robáil (lena n-áirítear airgead a éileamh le bagairtí)	292	1.1%
Buirgléireacht	1,147	4.2%
Trombhuirgléireacht	9	..
Maoin ghoidte a láimhseáil	277	1.0%
Damáiste coiriúil	2,818	10.3%
Coirloscadh	131	0.5%
Tógáil/iompar/cur isteach neamhúdaraíthe ar F.I.	792	2.9%
Cionta tráchta (féach miondhealú 1)	4,120	15.0%
Cionta atá bainteach le halcól (féach miondhealú 2)	5,418	19.8%
Ord poiblí (féach miondhealú 3)	2,275	8.3%
Drugáí (Seilbh)	1,290	4.7%
Drugáí (Díolachán/Soláthar)	209	0.8%
Sealbhú ar airm ionsaitheach, agus araile.	440	1.6%
Cionta atá bainteach le hairm tine	49	0.2%
Mionionsaí	1,236	4.5%
Ionsaí ar Gharda	30	0.1%
Ionsaí tromchúiseach (féach miondhealú 4)	430	1.6%
Déircíocht	2	..
Cionta gnéasacha (féach miondhealú 6)	102	0.4%
Cionta corrrádála	43	0.2%
Foghail/duine a fuarthas ar áitreabh iniata	1,353	4.9%
Na hAchtanna Iarnróid (foghail, caitheamh clocha, neamhíoc táille)	16	0.1%
Bailiúcháin ó shráid go sráid agus ó theach go teach	60	0.2%
Mioscais phoiblí (glaonna gutháin bréaga san áireamh)	94	0.3%
Príosiúnú neamhdhleathach	4	0.0%
Cionta in aghaidh ainmhithe	7	0.0%
Ilghnéitheacha	407	1.5%
Iomlán	27,422	100.0%

Tábla 6

(A) Cionta tráchta eile	
Cionta árachais	740
Tiomáint chontúirteach	295
Tiomáint gan aird	227
Cionta rothair	5
Fón póca a bhreith fád atá tú ag tiomáint	153
Cionta tiomána faoi thionchar óil	148
Gan cheadúnas tiomána	263
Timpiste tráchta buail agus rith	28
Gan chlogad/chrios sábhála	374
Ró-luas	692
Gan cháin bóthair	546
Tiomáint chontúirteach faoi ndear bháis	2
Ilghnéitheach	647
	412
Iomlán	0
(B) Cionta atá bainteach le halcól	
	188
Ceannach/seilbh/ól alcóil	4
	348
Ar meisce in áit phoiblí	8
Ar meisce agus mí-ordúil/contúirteach don trácht	4
Meisciúlacht shimplí	0
Duine a fuarthas ar áitreabh ceadúnaithe	32
Ilghnéitheach	10
	541
Iomlán	8
(C) Cionta oird phoiblí	
Gáscar	9
Ciréib	8
Mún phoiblí	23
Iompar míordúil in áit phoiblí	115
	141
Iompraíocht bhagrach, srl	3
Gan ghéilleadh do threoir ó Gharda/Bac	487
Bac Toiliúil	21
Mí-ord foréigneach	28
Eile	171
	227
Iomlán	5


Tábla 6 (ar leanúint)

(D) Ionsaí tromchúiseach	
Dúnmharú	3
Ionsaí faoi ndear tromghortú do Chorp	12
	41
Ionsaí faoi ndear dochair do chorp	5
Ionsaí le hintinn	0
	43
Iomlán	0
(E) Cionta atá bainteach le calaois	
Calaois/rith/calaois	35
	16
Cluain Calaoise	5
Claonchasadh	0
	20
Iomlán	0
(F) Cionta gnéasacha	
Tromionsaí gnéasach	1
Ionsaí Gnéasach	60
Míghéanúlacht	15
Éigniú/eolas corprtha mídhleathach (agus iarracht san áireamh)	24
Leadránacht chun críche striapachais	1
Sireadh chun críche striapachais	0
Eile	1
	10
Iomlán	2

Taispeánann na figiúirí seo a leanas líon na n-atreoruithe a fuarthas le cúig bliana anuas le haghaidh gadaíochta, damáiste coiriúil, buirgléireachta, mí-ord poiblí, cionta feithicle agus cionta atá bainteach le halcól .


Fíor 10

Atreoruithe le haghaidh gadaíochta 2004-2008




Fíor 11

Atreoruithe le haghaidh damáiste coiriúil 2004-2008




Fíor 12

Atreoruithe le haghaidh buirgléireachta 2004 – 2008




Fíor 13

Atreoruithe le haghaidh mí-ord poiblí 2004 – 2008




Fíor 14

Atreoruithe le haghaidh cionta feithicle 2004-2008



Fíor 15

Atreoruithe le haghaidh cionta alcóil 2004-2008




Próifíl Aoise na bPáistí a Atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha

Tugann an chart thíos srac-rianadh ar phróifíl aoise na bpáistí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha. Astu seo a atreoraíodh, is iad seo a leanas na céatadán foriomlán de pháistí a atreoraíodh i ngach catagóir aoise.

- Bhí 35% os cionn 17 bliana
- Bhí 24% os cionn 16 bliana
- Bhí 18% os cionn 15 bliana
- Bhí 12% os cionn 14 bliana
- Bhí 7% os cionn 13 bliana
- Bhí 3% os cionn 12 bliana
- Bhí 1% faoi bhun aois a 12 bliana

Fíor 16

Próifíl aoise na bpáistí a atreoraíodh



Oiliúint

I 2007 thug Oifig Náisiúnta na nógchiontóirí clár oiliúna nua isteach d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Ba é grúpa oibre comhdhéanta d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige, foireann na hOifige agus foireann Choláiste an Gharda Síochána a cheap an clár.

Tá an clár comhdhéanta de chúig mhodúl a sheachadtar thar thréimhse ocht mí déag.

1. Buneolas ar obair an OIÓ agus ceapadh meantóra. Cuiairteanna taithíochta ar Oifig Naisiúnta na nógchiontóirí agus cur i láthair an phaca traenála agus an ábhair léitheoireachta
2. Clár oiliúna seachtaine lena n-áirítear cur i láthair agus plé maidir le hAcht na Leanaí 2001, Ciontú i gcás an aosa óig, Ciontú Gnéasdacha, Scileanna Cumarsáide, Nósanna Imeachta an Gharda, Eitic agus na Cleachtais is fearr i gCeartas Óige
3. Oiliúint i gCeartas Aisiríocht, oiliúint trí lá i samhail 'Fíorcheartais' an rabhaidh agus i bprionsabail an Cheartais Aisiríche
4. Ochtó n-uair an chloig d'oiliúint idirghabhála seachasda thar thréimhse ceithre mhí. Deimhníonn an *Mediation Institute of Ireland* an oiliúint.
5. Modúl dur siar a chlúdaíonn gach gné den fhoghlaim go dtí seo

Is feasach don Choiste go bhfuil iarrachtaí ar bun i gcónaí ag an Oifig Naisiúnta d'Ógchiontóirí cáilíocht tríú leibhéal a cheapadh d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Tacaíonn an Coiste go hiomlán le hiarrachtaí na hOifige Naisiúnta d'Ógchiontóirí sa mhéid seo.

Tá an coiste sásta

- leis an gcinnireacht a léirítear agus leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Stiúrthóir an Chláir agus ag foireann Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí maidir le forbairt an Chláir Athstiúrtha mar atá leagtha amach san Acht.
- ó eolas atá ag teacht go dtí an Coiste go bhfuil Oifig Idirchaidrimh don Óige ag oibriú Cuid 4 d'Acht na Leanaí, go háirithe na coincheapanna de cheartas aisiríoch, agus go bhfuil siad ag baint buntáiste as an deis a scileanna a mhéadú trí bhíthín oiliúint bhreise.

Molann an Coiste

- go leanfaidh Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí lena hiarrachtaí cáilíocht oiriúnach tríú leibhéal a bhaint amach d'Oifig Idirchaidrimh don Óige.
- go gcoimeádfaí líon na nOifigeach Idirchaidreamh don Óige i ngach Roinn den Gharda Síochána faoi athbhreithniú.

Aguisíní - Struchtúr Acmhainní Daonna

